1.

D

# "Tuilleann gníoṁ maiṫ aṁáin ceann eile."

Aṫruiġṫe ~~an~~ ó Ḃéarla Fir-ṡiuḃail
le
h-Antoine O'Doċartaiġ, Oileán na Cruite, Co. Dún-na-nGall.

'San tsean-aimsir, roiṁe am Naoiṁ Pádraic, ḃí Ríġ i n-Éirinn a raiḃ a ċlú ṫríd an doṁan ar a eagna, a ċríonnaċt, agus méud a eolais. Ní raiḃ dadaṁ foluiġṫe uaḋ, agus buḋ é baramail na ndaoiniḃ go ḃfáġaḋ sé sgeula ar gaċ nid ar ḃoiġ éigin ṫríd an aer. Ḃí aon ġnás aṁáin iongantaċ aige; gaċ lá 'n-diaiḋ dínneura, 'nuair a ġlanfaiḋ an bórd agus naċ mbeiḋeaḋ duine ar biṫ eile i láṫair, ḃéirfeaḋ searḃḟóġantaiġ dílseanaċ son-taoḃṫa mias eile ċuig (ċum) an Ríġ. Ḃiḋeaḋ an mias cuṁduiġṫe, agus ní raiḃ 's ag an t-searḃḟóġantaiġ é féin cad é ḃiḋeaḋ innti, nó ní noċtaḋ an Ríġ an mias go dtí go mbiḋeaḋ sé leis féin.

Ḃí seo mar seo aḃfad, aċt aon lá aṁáin 'nuair a ḃí an giolla ag taḃairt ar siuḃal na méise ṫug sé leis í isteaċ ann a ṡeomra féin go ḃfeicfeaḋ sé cad é ḃí innti. Do dún sé 'n doras, ṫóg an cuṁdaċ, agus ċonnaic aṫar-nimhe bán 'na luiġe innti. D'iṫ sé greim dí, aċt ní luaiṫe a ḃlas sé í ná ċualaiḋ sé mion-ċogarnaċ an taoḃ amuiġ de'n ḟuinneoig. D'éist sé agus ṫug sé fa-deara gur ḃ'iad na gealbáin a ḃí ag clabarnaiġ agus ag innsint d'a ċéile cad é a ċonnaic siad insna coiṁínn agus insna coillṫiḃ. Ṫug blasaḋ an aṫar-nimhe tuigsint dó ar ċanamaint na n-ainmiḋṫiḃ.

Ar an lá ċéadna seo do ṫárlaiġ sé gur ċaill an Ḃainríoġain an fáinne buḋ deise agus buḋ luaċṁara a ḃí aici; agus tugaḋ amhras gadaiġ ar an t-searḃḟóġantaiġ dílseanaċ mar is aigesean aṁáin a ḃí cead a dul gaċ áit insan Ṗálais. D'órduiġ an Ríġ é a ṫaḃairt roiṁe agus ḃagair air le foclaiḃ feargaċa muná ḃfáġaḋ sé 'n gadaiġ roiṁe an lá ar na ṁáraċ go measfaiḋ é féin a ḃeiṫ ciontaċ agus go d-taḃairfiḋ ḃréiṫeaṁnas ar do réir a ċoir. Ṁionnuiġ an searḃḟóġantaċ boċt go raiḃ sé saor ó'n ċoir a cuireaḋ síos dó, aċt ḃí a ċainnt an easgaiḋ, agus b'éigin do imṫeaċt gan aon uċtaċ.

Ṡiuḃail

Ṡiubail sé amaċ ar an teaċ ag ṁeaṁruġaḋ go gruamḋa sgánnraiġṫe ar cad é buḋ ċóir dó a ḋéanaḋ le é féin a reiḋteaċ ar an ngáḋ sin a raiḃ sé. Ḃí sé ag sraideoireaċt agus ag smuaineaḋ, a aigne buaiḋearṫa, a ċeann crom, agus a lámha ar ċúl a droma go d-tainic sé go taoiḃ sloḋain a raiḃ laċain ag sluparnaiġ ann agus ag coṁraḋ le ċéile. D'éist sé agus ċualaiḋ iad ag innsint cá raiḃ siad ó ṁaiḋin agus cad é na h-eudalaċa biḋ a fuair siad, agus dubairt ceann acu go truaġċánta, “Tá rud éigin 'na luiġe go trom ar mo ġoile; ḃí mé ag iṫe fá ḃeirtine ar ṁaiḋin agus ṡluig mé fáinne a ḃí 'na luiġe faoi ḟuinneog na Bánríoġna.” Ġaḃ an searḃḟóġantaiġ greim sgórnaiġ uirri ar an ball, riṫ leí ċum na cisteanaiġ, agus dubairt leis an ċócaire, “Seo duit laċ breaġ ramar; maḃ í.” Do ṁeaġaċ an cócaire í, agus dubairt, “Is fíor duit go ḃfuil sí i gcruṫ ṁaiṫ le róstaḋ.” Do ḃain sé an ceann dí agus ar á fosglaḋ dó cad é a fuaraḋ ann a sroċan aċt fáinne na Bánríoġna.

Ní raiḃ moill ainnsin ar an t-searḃḟóġantaiġ a neaṁ-ciontaċt a ċruṫuġaḋ. Ḃí an Ríġ buaiḋearṫa go leor ann-sin go d-tug sé clú gaḋaiġ dó; agus ċum an uilc a rinne sé do leasuġaḋ d'iarr sé ar fábar ar biṫ buḋ ṁian leis a iarraiḋ agus go ḃfuiġeaḋ sé é. D'ḟreagair an searḃḟóġantaiġ gur ḃé a raiḃ sé d'iarraiḋ eaċ agus lón airgid go raċfaḋ sé ar aistear d'ḟeiceál an doṁain. Tugaḋ sin dó, agus d'imṫiġ sé, agus ṡiubail leis go d-tainic sé, aon lá aṁáin ċuig poll uisge ṁár a ḃfacaiḋ sé trí ḃeiṫiḋeaċ éisg gaḃṫe idir na feadaiḃ agus ag feuċaint le fáġail ċuig an uisge. Ḃí siad ag caoi fá go raḃḃar á ḃfáġḃáil go leatromaċ, agus mar ḃí croiḋe trealta aige ṫuirling sé d'a eaċ agus ċuir sé na trí h-éisg isteaċ san uisge. Croṫ siad a gcuid earbaille le h-áṫas, ṫóg an-áirde a gcinn, agus dubairt, “Congḃoċaimíd cuimne ort; tuillean gníoṁ maiṫ aṁáin ceann eile.”

Ċuaiḋ sé ar aġaiḋ ann-sin, agus fá ceann tamaill d'ar leis féin gur ċualaiḋ sé fann-ġuṫ 'san ġainiṁ faoi.

D'éist sé

D'éirig sé agus ċualaiḋ sé Ríġ na Seangán ag mairgniġ mar sin, "Cad tuige nac bfuil le daoine agus le n-a g-cuid ~~[struck out]~~ beiṫiḋe anarta ar b-fágḃail i síoṫċáin; tá an bealaċ an-socair sin le n-a ċosa troma ag slad mo daoine gan trócaire." D'iompuiġ an marcaċ ó'n casán i leaṫ-taoiḃ, agus sgairt (ġlaoiḋ) Ríġ na Seangán 'na diaiḋ, ~~[struck out]~~ "Cuiṁneoċamuid ṫu; is fiu gníoṁ maiṫ aṁáin ceann eile."

Do ċas an bóṫar é isteaċ i g-coill, agus ċid sé dá ṡean-ṗréaċán ag sceallaḋ préaċáin óga amaċ as nead. "Amaċ liḃ, a ḋruing ḟallsa ḃeag-ṁaiṫeasaċ," ar siad, ní ṫig linne biaḋ a ḟágail daoiḃ níos faide; tá sib mór go leor anois le deanaḋ as daoiḃ féin!" Aċt luiġ na gearrċaċa ar an talaṁ ag cleiteaḋanaiġ agus ag caoineaḋ. "Ó, faraor!" ar siad, "nac sinn na h-eunaċa boċta gan treoir. Caiṫfimid deanaḋ as dúinn féin agus gan fonairm eiteallaḋ. Ní ṫig linn a ḋul a ḋeanaḋ aċt luiġe annseo d'ár sgriúsaḋ." Do ṫuirling an fear óg ó'n eaċ agus ṫug sé biaḋ doiḃ. Ṫainic siad ag preabadaiġ aníos ċuige agus dubairt leis, "Ní ḋéanfamuid dearmad duit; gnoḋuiġeann gníoṁ maiṫ aṁáin ceann eile."

Ċuaiḋ an marcaċ 'un tosaiġ annsin bealaċ fada go d-tainic sé ċuig caṫair mór 'san Doṁan Ṡoir. Bí callán agus cruinniuġaḋ mór ins an baile, agus fear ag marc-uiġeaċt anuas a'r suas an tsráid ag sgairtiġ amaċ, "Tá inġean an Ríġ gan-pósta, aċt fear ar biṫ ar ṁian leis í a ḟágail mar ċéile caiṫfiḋ sé gníoṁ deacair a ḋeanaḋ, agus muna n-eiriġ leis caillfiḋ sé a ċeann. D'feuċ mórán an gníoṁ do ḋeanaḋ aċt ṫáruiġ se orra, agus cuireaḋ 'un báis iad; aċt 'nuair a ċonnaic an n-óganaċ inġean an Ríġ rinne sé dearmad de gaċ baoġal, ċuaiḋ sé os coinne an Ríġ, agus dubairt leis go b-feuċaḋ sé ar son láiṁ ~~[struck out]~~ a inġine. Seólaḋ amaċ annsin é go taoiḃ na fairrge, agus caiṫeaḋ fáinne óir amaċ 'sna tonntaiḃ; d'orduiġ an Ríġ dó an fáinne a ṫabairt aníos ó ṫóin na fairrge, agus dubairt leis, "Má ṫig tu aníos

gan é

gan é caiṫfear amaċ arís agus arís eile ċu go g-caillfear ṫu." Ḃí na daoine uile buaiḋearṫa fá'n ġaisgiḋeaċ óg bóiġ-eaṁail, mar ṡaoileadar go raiḃ a ḃás cinnte, aċt fá ḋeireaḋ d'imṫiġ siad abaiḋ agus d'ḟág siad leis féin é ar ḃruaċ na fairrge.

Ṡeasuiġ sé ar an tráiġ ag smuaineaḋ cad é buḋ ċóir dó a ḋéanaḋ, agus cad é a ċiḋ sé aċt trí ḃéaṫaċ éisg ag snáṁaḋ le h-imeall na tráġa; b'iad an t-iasg ceadna iad a ċuir sé 'san uisge ar na ḟeadaiḃ. Ḃí sgeán-ḋuḃ leis an ċeann láir sin a ḃéul, agus ṫainig sé isteaċ ar an tráiġ leis gur ḟág sé síos é ag cosaiḃ an óig-ḟir. Ċrom sé, ṫóg an sgeán, d'osgail é, agus sin aige an fáinne óir istiġ ann. D'imṫiġ sé roiṁe, lán d'aṫas, ṫug an fáinne dón Ríġ agus d'iarr ar a geallaṁaint a ċoiṁlíonaḋ.

Aċt ḃí dí-meas ag an ḃain-ṗrionnsa uaiḃreaċ air nuair a ṫuig sí nár ċoṁ-ionann é i m-breiṫ agus i d-tógḃail léi féin, agus sul má n-glacaḋ sí é ċuir sí d'ḟiaċaiḃ air éaċta eile a ḋéanaḋ a ṁeas sí a ḃeiṫ dó-ḋéanta. Ċuaiḋ sí síos 'na ġárḋaiḋ agus sgap sí ar an talaṁ lán deiċ mála de mion-ṡíol féir; annsin duḃairt sí, "Amáraċ roiṁe éiriġe gréine caiṫfiḋ tu iad so a ḃeiṫ cruinniġṫe suas ~~iad~~ agat agus gan aon ġráinín a ḃeiṫ fágṫa.

Ṡuiḋ an stócaċ agus ṁeaḃruiġ cad é mar b'ḟéidir seo a ḋéanaḋ aċt ní ṫainig leis smuaineaḋ ar aon ċaoi, agus d'ḟan sé go brónaċ ag feiṫeaṁ le bánuġaḋ an lae, ag déanaḋ naċ raiḃ dul ṫairis aige gan á ċur 'un báis. Aċt nuair a noċt an ċéad solus ċonnaic sé na deiċ mála 'na seasaṁ lom lán le taoiḃ a ċéile agus gan aon ġráinín dó ḋíṫ orra. Ṫainig Ríġ na Seangán 'san oiḋċe le mílte de n-a ṡoċaráinaiḃ agus ċuaiḋ siad uile i g-ceann oibre gur ḃailiġ siad suas gaċ aon ġráinne agus gur ċuir siad 'na málaiḋiḃ iad.

Níor ḃfada go d-tainig inġean an Ríġ i féin anuas 'un na ġárḋaiḋ, agus buḋ ṁór a h-iongantas nuair a ċonnaic sí an gníoṁ déanta. Aċt ḃí sí sgálaiġṫe, dóġárṫa dólaḋ agus duḃairt leis an ḃuaċaill, "Giḋ go ndearn tu an dá gníoṁ

gníoṁ a ċuirfeas roṁat ní beiḋ tu fós mar ċéile agam go dtugaiḋ tú ċugam ubla ó Ċrann na Beaṫa."

Ní raiḃ 's ag mo ḋuine boċt ca raiḃ an Crann sin, aċt mar sin féin d'imṫiġ sé ar a lorg. 'Nuair a bí trí tíorṫa siubaltaiġṫe aige ṫairis sé tráṫnóna aṁáin ċuig coill, agus ṡuiḋ faoi crann le neul codalta a ġlacaḋ. Cluinn sé troisgneaċ amearg na g-craobaiḃ agus tuiṫiġ ubla taitneaṁaċ isteaċ in a láiṁ. D'eiteall trí ḟeannóg anuas ċuige, d'fosaiḋ ar a ġlún, agus dubairt leis, "Is sinne na trí ḟeannóg óga a ṡábail tu ó bás; 'nuair a d'airiġmuid acfúinneaċ agus a ċualamuid gur ṫeastuiġ uait ubla ó Ċrann na Beaṫa, sgaoilmuid amaċ ṫar an ḟairrge go Deireaḋ an Doṁain 'nait a b-fásann an Crann sin agus ṫugamar linn ċugat an t-ubla. Do ḟill an fear óg go luaṫġáireaċ agus an t-ubla leis ċuig inġean áluinn an Ríġ, agus níor ḟág leaṫġeul ar biṫ ní buḋ mó aici. Do ġearr siad an t-ubla 'na dá ċuid agus d'iṫ; líon a croiḋe le grean dó; pósaḋ agus sollaṁnuġaḋ iad; agus ċaiṫ siad saoġal fada, socair, suairiṁneaċ, séunmar le ċéile go h-uair a m-báis.

Críoċ.